C/2024/6141

11.10.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2024

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Slóvaice

(C/2024/6141)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 24 Feabhra 2022 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Michaela TRABALÍKOVÁ a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Slóvaice don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marián LIZANEC ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Michaela TRABALÍKOVÁ go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

---

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).